Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**8866/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0105(NLE)**

| | |
|---|---|
| **COASI 63** | **TELECOM 138** |
| **ASIE 24** | **RECH 205** |
| **CONOP 30** | **CLIMA 140** |
| **COTER 72** | **ENER 123** |
| **POLCOM 86** | **TRANS 173** |
| **SUSTDEV 25** | **TOUR 7** |
| **PI 87** | **EDUC 147** |
| **GENDER 38** | **CULT 50** |
| **JAI 580** | **ENV 327** |
| **MIGR 162** | **POLMAR 26** |
| **COHAFA 31** | **SAN 214** |
| **COHOM 65** | **AGRI 186** |
| **CODRO 2** | **EMPL 174** |
| **COMPET 358** | **STATIS 33** |

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, meithleacha speisialaithe a bhunú agus téarmaí tagartha na meithleacha sin a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh,
thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste
a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach
agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile,
a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh,
meithleacha speisialaithe a bhunú
agus téarmaí tagartha na meithleacha sin a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile (‘an Comhaontú’)[1], shínigh an tAontas é an 14 Nollaig 2022 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 20 Deireadh Fómhair 2024, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2562 ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 52(5) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

(3) Le linn an chéad chruinnithe a bheidh aige, tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, meithleacha speisialaithe a bhunú agus téarmaí tagartha na meithleacha sin a ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, meithleacha speisialaithe a bhunú agus téarmaí tagartha na meithleacha sin a ghlacadh, ós rud é go mbeidh cinntí an Chomhchoiste ina gceangal ar an Aontas.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí den Chomhchoiste atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 330, 23.12.2022, lch. 72.

[2] Cinneadh (AE) 2022/2562 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile (IO L 330, 23.12.2022, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2562/oj).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, a mheithleacha speisialaithe a bhunú agus téarmaí tagartha na meithleacha sin a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinntí an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar dhréachtchinntí an Chomhchoiste a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*